Naoise Ó hÁgáin

Naoise Ó hÁgáin

I bhfad ó shin nuair a bhí Béal Feirste ina shráidbhaile beag agus nuair nach raibh iomrá ar bith ar Bhaile Andarsan bhí ropaire ina chónaí ar an tSliabh Dhubh. Naoise a bhí air agus bhí clú air go raibh sé cróga agus láidir. Is iomaí scéal atá againn go fóill faoi dtaobh de.

Rugadh Naoise in aice leis an Bhaile Meánach in áit a bhfuil an Sceirí Bheag uirthi. Bhí óige dheas aige. Bhí feirm mhór agus tailte breátha ag an teaghlach agus bhí gach uile rud ciúin ag an teaghlach. Cuireadh ar altramas é agus é óg. D'fhoghlaim sé stair agus filíocht na nGael. Fuair sé oideachas maith agus bhí a thuismitheoirí iontach sásta leis. Bhí beirt deartháireacha aige. Donnchadh agus Seán a bhí orthu sin.

Nuair a bhí siad ag fás aníos thosaigh daoine ag teacht anall ó Albain chun na tíre seo. Tugadh talamh dóibh a goideadh ó na Gaeil agus cuireadh na Gaeil ar an bhóthar. Níor chreid Naoise go dtarlódh sin dá theaghlach féin, ach ar an drochuair tharla sé. Bhí an teaghlach ina luí oíche amháin nuair a tháinig na dragúin. Thug muintir na háite "na Cótaí Dearga" orthu. Saighdiúirí Sasanacha a bhí iontu. Chuidigh siad leis na hAlbanaigh an talamh a ghoid. Cibé ar bith chaith siad Naoise agus a theaghlach amach as a dteach féin. Ní róshásta a bhí Naoise ná na tuismitheoirí. Cheap na tuismitheoirí plean chun díoltas a bhaint amach. Shocraigh siad ar chúrsa traenála a thabhairt do na mic sa dóigh go mbeadh siad in inmhe ionsaí a dhéanamh ar na plandálaithe seo. Tugadh 'plandálaithe' ar na hAlbanaigh seo mar cuireadh mar phlandaí iad isteach i dtalamh na nGael agus caitheadh na Gaeil amach. Caitheadh na Gaeil amach as a dtailte agus ghlac siad féin a n-áit.

D'fhás Naoise agus a dheartháireacha aníos agus chuaigh siad ar an bhóthar. Chruinnigh siad grúpa fear thart orthu agus thosaigh siad ag goid agus ag glacadh airgid ó na plandálaithe.

Dhóigh siad a dtithe féin ina raibh na hAlbanaigh ina gcónaí. Bhí eagla a gcraicinn ar na hAlbanaigh. Bhí leisc orthu dul amach san oíche. Bhí rudaí chomh holc sin gur imigh cuid mhór acu ar ais go hAlbain.

Tháinig na hAlbanaigh le chéile agus thogh siad fear amháin le grúpa a bhailiú le chéile agus dul sa tóir ar Naoise agus ar a chuid fear. Gillinan a bhí ar an fhear seo. Fear cruálach a bhí ann agus is iomaí Gael a mharaigh sé chun eagla a chur ar Naoise.

Ghoid Naoise airgead ó na plandálaithe seo agus thug sé ar ais do na bochta é. Sa dóigh seo bhí meas ag na daoine air. Rinne sé an oiread sin dochair do na plandálaithe thart faoin Bhaile Meánach gur bhog sé go Sléibhte Bhéal Feirste. Ní raibh i mBéal Feirste ag an am seo ach áit bheag. Ní raibh Baile Andarsan ann ar chor ar bith. Bhí Baile Uí Annaidh ann an t-am seo ach bhí Baile an Draighin air.

Ag an am seo bhí cumha baile ar Naoise. Chuala sé go bhfuair a athair bás agus phill sé abhaile faoi rún ach ní raibh sé ansin i bhfad nuair a chuala Gillinan go raibh sé ann. Tháinig sé sa tóir air. Bhí Naoise fágtha gan chapall. Ach ba chuma leis. Shocraigh sé ar rith ar ais go Sléibhte Bhéal Feirste de chosa. D'imigh sé ina rith agus na capaill ina dhiaidh. Choinnigh sé ar an talamh garbh. Lean na Cótaí Dearga é ach ní raibh siad ábalta teacht a fhad leis. Rith sé leis agus iad sa tóir air.

Tháinig sé a fhad le Sléibhte Bhéal Feirste agus go fóill ní raibh siad ábalta teacht a fhad leis. Faoin am seo bhí siad ag teacht cóngarach go leor dó agus bhí Naoise tuirseach go maith. Ar aghaidh leis a fhad leis an abhainn. Abhainn an Lagáin a bhí ann. Bhí sí mór leathan ach ní raibh rogha ar bith ag Naoise. Rith sé a fhad leis an abhainn agus léim sé san aer. Tháinig sé go talamh ar an taobh eile den abhainn. Baineadh siar as na Cótaí Dearga! Ní fhaca siad rud ar bith cosúil leis. Ar ndóigh, ní raibh na Sasanaigh ábalta an léim chéanna a ghearradh. Bhí feirmeoir ar an taobh eile agus dúirt sé le Naoise nach bhfaca sé léim mar sin ariamh.

“Ní fhaca, ach bhí orm rith tríocha míle a fhad leis sula raibh mé in inmhe an léim sin a ghearradh.” D’éalaigh Naoise.

Rinne Naoise luíochán roimh phlandálaithe agus iad ar an bhealach go hAonach Bhéal Feirste. Ghoid sé airgead agus capaill agus cheangail sé na plandálaithe le chéile. Chuaigh sé isteach go Béal Feirste ansin. Dhíol sé na capaill ann agus thug sé an t-airgead do na bochta a raibh cónaí orthu i mBaile an Draighin.

Bhí an tóir anois go géar air. Crochadh Seán agus Donnchadh. D’imigh cuid dá chairde thar sáile. Bhí air imeacht go gasta. Cheap sé plean iontach. Liostáil sé in arm na Sasanach. Cinnte ní bheadh duine á lorg ansin. Cuireadh go Contae Lú é. Bhí go maith agus ní raibh go holc. Bhí sé ansin ar feadh tamaill gan duine ar bith ag léiriú suime ann.

Bhí lá spóirt ann lá amháin agus chuaigh Naoise le hamharc air. Léim Sasanach amháin thar chapall agus shíl na Sasanaigh a bhí ann a mhór de seo.

“Cuir trí chapall le chéile,” arsa Naoise. Rinneadh amhlaidh. Léim Naoise thar na capaill.

“Ní fhaca mé léim mar sin ach uair amháin,” arsa fear den na Sasanaigh a bhí ag amharc air, “agus Naoise Ó hÁgáin a ghearr an léim sin.”

Ceapadh Naoise agus cuireadh i bpríosún é. Tugadh go Carraig Fhearghusa é. Is ann a crochadh é, sa bhliain 1721. Baineadh an ceann de agus d’úsáid máistir scoile a cheann le heagla a chur ar pháistí a bhí dalba sa rang aige.

Tá ainm Naoise i mbéal an phobail i mBéal Feirste go fóill mar chónaigh sé in aice le Béal Feirste agus bhí sé lonnaithe ar feadh tamaill i nGleann Chollán atá míle siar ó Bhunscoil Phobal Feirste.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning